Iomláine: Múnla Uilíoch do Beatha agus do Shláinte Teanga

RADHARC - GNÍOMH - AMHARC SIAR



'Cneá-mheas' – Aimsiú agus neartú laigí

Cóipcheart © Dóchas Teilifís, Nollaig 2007. Ní ceadmhach aon cuid den foilseachán seo a atáirgiú go teanga ar bith, gan cead ó thú. www.d7d.ie

Iomlán:
Múnla Uílíc do Dheá agus do Shláinte Cheasa.

An Ghaeilge: An ghné bhunúsach dár n-oidhreacht nach bhfuil fáil ag cuid mhór againn uirthi go fóill: anam ár dtíre agus ár ndaoine muinteartha ar fud an domhain, againn ina hiomláine chorrach go fóill: níl le cruthú againn ach a todhchaí. Is é gealltanas an réamhamhairc seo ná gur gairid go mbeidh An Ghaeilge ó dhúchas ag gach páiste a saolaítear sa tír seo, más sin toil a dtuismitheoirí agus iad sasta treoracha **Iomláine** a leanúint chomh maith is thig leo: nuair a bhíonn mian ann, cuidíonn muidinne, pobail scaipthe na Gaeilge, leis an mhian sin a chur i gcrích, ag súil le tacaíocht ach gan bheith ár moilliú féin ag fanacht leis.

Ní ann do 'shochaí iolchultúrtha' go bhfuil ár gcultúr féin slán agus meas air. Cuirfear i bhfeidhm an réamhamharc seo agus beidh An Ghaeilge slán faoi cheann fiche bliain, obair mhór déanta cheana féin agus tuilleadh le theacht. Tá an t-eolas, an fháisnéis agus na hacmhainní thart orainn, saor in aisce, gach duine ina sheod, le dóchas a neartú: cultúr na beatha.

Modh oibre uilíoch:

'Cneá-Mheas' (.i. díriú ar an laige is práinní i dtólamh agus réiteach na laige sin) agus **'*Radharc, GNÍOMH, Amharc Siar'**, gan acmhainní a chur amú, **go comhuaineach.** Má tá feidhm leis, coinnigh; mura bhfuil – athraigh! Tá an mórmhúnla anseo thuas i bhfoirm léaráide. Más giorra don mhúnla, más gaiste agus más dílse an toradh.

Súil achoimreach chun tosaigh.

Bliain 1, 2010:

+ **'*Sealbhú idirghlúineach'** le bunú mar riachtanas gearrthréimhseach, olltábhachtach, práinneach, uilíoch.

+ An staid reatha a mheas go hiomlán, go macánta, agus go rialta, de réir an 'Mhúnla Uilí' thuas, **go deonach**, ar mhaithe leis an leas coitianta, an bhéim ar **acmhainní** (go háirid sárchainteoirí agus sealbhóirí dúchais), laigí agus féidearthachtaí.

+ **Eolas** a chur ar fáil ina iomláine, é dírithe ar dtús ar aois an tuismitheora ar dhóigh thuisceanach ó thaobh ábhair agus láithrithe.

+ An córas céanna, in oiriúnt do dhaltaí meánscoile sna sála air sin, le déanamh cinnte go bhfuil **dearcadh dearfach** á chothú agus an réamhamharc ó thaobh riachtanas oideachais agus phobal na todhchaí á chomhlíonadh.

+ Láthair agus mionsonraí ***Tearmann** úr a shocrú. Tá Tearmainn agus ábhar Tearmann ina gcéadta sa tír cheana: aimseoimid iad, cothóimid iad agus cuirfimid leo, taifid a bhreacadh le borradh a mheas.

+ Leanúint leis an **ghníomh** fheidhmeach: feicthe, cluinte, ag éisteacht, ag caint, ag gluaiseacht.

+ An t-aistriúchán mar mhodh riachtanach teangmhála idir aonaid neamhionanna, chan mar riachtanas ag pobal amháin. An dáimh agus an éagsúlacht i gcoimhneas cothrom.

+ Cothromas, **dea-chleachtais agus meas ar theangacha** á gcothú go huilíoch, ag cur béime ar rialtas agus gnó trí bheith i dteangmháil le daoine eile a bhfuil meas acu ar an éagsúlacht.

+ Aithint go mbrostóidh iarracht chomhuaineach threoraithe, thiomnaithe an toradh.

Bliain 2-3: 2012-2013:

+ **Gníomh** d'aois na bunscoile: beidh cainteoirí dúchasacha breise ag toiseacht ar scoil go luath, an córas agus an t-éileamh ag borradh.

Bliain 4: 2014:

+ Tús le hardú ar chéatadán na bpáistí ag toiseacht ar an bhunscolaíocht le Gaeilge (agus Béarla) ó dhúchas – an dátheangachas dúchasach, comhthreomhar – **roghnaíonn** an duine an Ghaeilge. An chéad chruthúnas só-thomhaiste. Ár gcruthúnas féin a mhothú againn le tamall.

Bliain 7: 2017:

+ **Gníomh** d'aois na meánscoile: beidh ardú ar chéatadán na gcainteoirí dúchais in aois na meánscoile go luath.

Bliain 18: 2028:

+ An Ghaeilge mar chéad teanga ag duine ar bith a dheonaíonn a dtuismitheoirí sin go hoilte .i. go bhfuair na tuismitheoirí **EOLAS** iomlán, fíor, fá bhuntáistí neamhshéanta an dátheangachais, fá neamhchastacht a sholáthair agus fán chultúr álainn atá ceilte ar dhaoine nach bhfuil An Ghaeilge acu.

+ **Deiseanna** ag na daoine óga seo nach bhfuil ag a léithéidí anois.

+ An **so-fheictheacht agus an fhreagracht** i réim in achan ghníomh i leith na Gaeilge.

Focail Scoir:

+ **Má dhéanaimid gníomh nó mura ndéanann, beidh an toradh tuillte againn.**

+ Aistriúchán, Sealbhú agus 'Díograis Inmheánach': tugann an dátheangachas, i staid nach bhfuil cothromas teanga ann, tugann sé 'LOICEADH' (.i. faillí) don teanga in uachtar .i. go ndírítear an aird ar an teanga in uachtair i dtólamh agus gur ionann ciúineas

agus/nó easpa gnímh agus umhlaíocht dó. Ar an drochuair, sin an dóigh a bhfuil an saol faoi láthair agus caithfimid dul i ngleic leis le heolas, ag tabhairt rogha oilte don duine.

Má abraítear nó má scríobhtar rud i nGaeilge agus é a aistriú, cuirtear cosc ar an smaoineamh, ag giorrú na teangmhála agus ag déanamh cinnte nach bhfuil gá leis an Ghaeilge! Ní shantaítear an rud nach bhfuil gá leis. Má tá eagla orainn nach dtuigfear muid, ní thuigfear choíche muid! Sealbhaíonn daoine teanga trí **réiteach fhadhb na neamhthuisceana** gan uirlis ar bith ach an daonnacht: an inchinn, na céadfaí, an iomláine; milleann an t-aistriúchán an fhorbairt sin. Glacann an míniú céadfaíoch agus an míniú béil áit an aistriúcháin. Sealbhaítear an gramadach leis an choincheap féin, lonnaithe i 'dtéama' agus a chur i láthair 'sa bhaile' (an príomhthearmann) i dtosach agus sa saol mór amuigh.

In áit an rialach, tá fírinní bunúsacha an smaoinimh agus an ghnímh agus tá ord ardtábhachta. Sealbhaítear an teanga go dúchasach **roimh** litearthacht: foghraíocht roimh Béarlagair; litriú roimh léamh ná scríobh; gramadach gan tuirse gan éigean; litríocht roimh leabhar; muinín; searc. Tá an sealbhú uilíoch agus tá an díograis inmheánach ar obair.

Gluais agus breacadh:

Tearmann: Aonad ina bhfuil teanga i réimeas: mar shampla: an baile, daoine muinteartha agus cairde; comharsanacht; baile mór; cathair; tír. An Ghaeltacht bheo neamhoifigiúil, ag eascairt as an bhaile. Na blocanna lena dtógtar teanga bheo, fholláin.
***Sealbhú teanga:** go hachoimreach: 'fadhb na neamhthuisceana a réiteach ag an duine féin, le **cuidiú** ó dhuine, nó daoine eile, gan aistriúchán, go hinmheánach'. Nuair atá sealbhú teanga ar obair, ní chluintear, ná ní abraítear oiread is focal amháin de theanga eile: bíonn cleasanna eile mínithe i bhfeidhm. Ní bhrostaítear an chaint agus ní chóir go ndéanann an chainteoir úr meancóg ar bith: ní bhíonn cosc ar mheancóg, ach, le réamhthaithí

eiseamláireach, laghdaítear an seans: an ‘ceartú’ roimh an mheancóg.

***Radharc GNÍOMH Amharc Siar:** Na cinnidh a dhéantar gach lá. **Ní mór do gach gníomh díriú agus aimsiú ar an shárchuspóir .i. ‘Sealbhú idirghlúineach’** gach rud eile sa chúlra, ina thacaíocht. **Seo an Óige – ár dtodhchaí.**

Tá an saothar seo á thairiscint mar thabhartas agus mar theachtaireacht. Má tá neamhfhírínne ann, ní d’aonturas agus ní ar feadh i bhfad.

Bail ó Dhia ar an obair.

Buíochas ó chroí le gach duine a chuidigh go dtí seo, de réir a gcuid taithí agus dóigheanna féin, go háirithe iad siúd nach bfuil inár gcuideachta níos mó, le hiomlán a chrutú atá níos mó na a chodanna: An Feadain Dheas Mhór, muid inár seasamh ar chuid guaillí iad siúd a chuaigh romhainn.

Chonaicear, lá feanntach fuar,
Tonn Ruadhraighe ag treabhadh trá,
Chonaicear céim Eara Ruaidh
Is réalt a léim roimh an lá.

Chonaicear rna Slinntí anonn
Céim mar thonn na mara tréan,
Léim ba lúfaire ná an t-ear,
Súil ba neartmhaire ná an réalt.

(Seo leagan scríofa de rud do-scríofa. Bíodh sin mar atá: is d’ár n-ainneoin láidir a dhéanfar aistriúchán ar chuid ar bith den saothar seo go teanga ar bith: míneofar é le gníomh do dhaoine a bhfuil suim acu ann. Tá leagan Gàidhlig a ullmhú dár gcairde in Albain faoi láthair, agus gabhaimid buíochas ó chroí leo as an chuidiú, as an chairdeas agus as an dáimh a chuir beo ann.)

Léitheoireacht chúlra is cumhachtaí, luaite in ord a léite:

An Grá agus an Ghruaim - Seosamh Mac Grianna.

Language Death – David Crystal.

Reversing Language Shift – Joshua Fishman.

Cúis Náire agus Bróid (Proinsias Ó Mianáin agus Cearta Gael) – Risteard Ó Glaisne.

An dán 'Caoineadh' - Cathal Ó Searcaigh.

Foclóir Gaeilge Béarla - Ó Dónaill; English Irish Dictionary - De Bháldraithe; The Concise Oxford Dictionary – (An t-ochtú leagan) - Fowler, Fowler agus Allen.

Tuilleadh eolais ó: gabharsleibhe@eircom.net

Nóta ar an staid reatha:

Ní tairge an Ghaeilge le díol ná le ceannacht. Nuair a thagann deireadh le ailse chóras na sainte – bunaíocht chorbach ag déanamh bunsocraithe thodhchaí ár dteanga agus ár bpobal ar réamhleagain an tsochair phearsanta – ár n-acmhainní mar uisce i gcriathar - na sáinghadaithe mar cruimheanna - is ansin amháin a bhéas todhchaí ag An Ghaeilge: **an díograis in áit na sainte; an sáineolas in áit na 'gairmiúlachta'** a chuireann maisiú úr ar sheanréamhleagain an fhill, na gadaíochta agus na bréige, sasta an éagóir a bhorradh ar mhaithe le saol bheag shócúil.
Tá an múnla nuálach anseo thuas uilíoch, neamhspleách, saor in aisce, scartha ón sochar phearsanta, postanna ag daoine de réir chumais agus díograis ina gceird.
Bronnaimid an obair a rinneadh ar an saothar seo ar phobal na hÉireann, ag súil go nglacfar léi agus go gcuirfear i bhfeidhm í. Níl ceannasaíocht ardnósach ar bith de dhith - muid ag déanamh measa de réir mhúnla uilí: múinteoirí ag múineadh; tógálaithe ag tógáil, an státchiste i ról tacaíochta, go só-fheicthe, go freagrach.
An múnla a chur i gcrích againne - an stát ag díol fiacha réasúnacha riachtanacha ar son an leasa choitianta – an clár-oibre agus an stráitéis beagintinneach ceilte (gan an fhaidhb a réiteach ar eagla an athraithe agus an chothromais) ar shiúl: daoine córa ag streachailt ag iarraidh rud dó-dhéanta a dhéanamh agus na préacháin ag déanamh cinnsireachta múinte sainteolaithe ar an fhírinne le coimisiúin, stáidéir, pleananna stráitéiseacha agus eile, a láithriú don phobail ag ócaidí ghaládta fholmha a 'bpoibliú' taobh le fiarlaoideacht agus le ceilt na bhfíoraicí, iad ag

glacadh le bualadh-bos poiblí ina n-ainmneacha féin a thuill obair chrua dhaoine eile.
Nuair thig deireadh leis an réimeas seo, beidh tús leis an fhís go foirleathan.
Idir an dá linn, déanfaimid ár ndícheall leis na huirlísí atá againn, ag bronnadh de réir chumais, ag comhoibriú, beo linn.

Bail ó Dhia ar an obair.